

**Maoiniú Stáitchiste do Pháirtithe Polaitíochta
sa bhliain 2017**

*Tuarascáil chuig Cathaoirleach Dháil Éireann de bhun
alt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997*



**Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission**

**Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
18 Sráid Líosain Íochtarach
Baile Átha Cliath 2**

**Teileafón: (01) 6395666
Ríomhphost: sipo@sipo.ie
Suíomh Gréasáin: www.sipo.ie
Twitter: @SIPOCIreland**


Iúil 2018

Clár Ábhar

Brollach	2
Caibidil 1: Réamhrá	3
Caibidil 2: Na cuspóirí a gcuirtear maoiniú Státchiste ar fáil ina leith	4
Caibidil 3: Ráitis Chaiteachais faoi Mhaoiniú Státchiste agus Tuarascálacha Iniúchóirí gaolmhara a thabhairt.....	5
Caibidil 4: Ráitis Chaiteachais faoi Mhaoiniú Státchiste a fhoilsiú	6
Aguisín: Sonraí faoi chistiú agus caiteachas	7
Tábla 1 Sonraí faoin maoiniú a fuair páirtithe polaitíochta cáilithe sa bhliain 2017.....	7
Tábla 2 Sonraí a chuir páirtithe polaitíochta ar fáil faoi chaiteachas an mhaoiniúcháin Státchiste a fuarthas faoin Acht don bhliain 2017	7

Brollach

Tá áthas orm an tuarascáil seo a chur faoi bhráid an Chinn Chomhairle de réir alt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú. Baineann an tuarascáil le Ráitis Chaiteachais bhliantúla faoi Mhaoiniú Státchiste agus le Tuarascálacha Iniúchóirí Poiblí gaolmhara i ndáil leis an mbliain 2017 ar thug páirtithe polaitíochta cáilithe iad don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí de bhun alt 20 den Acht.



An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe
Cathaoirleach
Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Iúil 2018

Caibidil 1: Réamhrá

Baineann an tuarascáil seo le ráitis chaiteachais faoi mhaoiniú Státchiste agus le tuarascálacha iniúchóirí poiblí gaolmhara (dá ngairtear “na ráitis” i dteannta a chéile anseo) i ndáil leis an mbliain 2017 ar thug páirtithe polaitíochta cáilithe iad don Choimisiún.

Déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin breithniú ar gach ráiteas den sórt sin a thugtar dó agus, nuair is cuí leis déanamh amhlaidh, tabharfaidh sé tuarascáil i scríbhinn do Chathaoirleach Dháil Éireann (an Ceann Comhairle) ar aon ábhar a d’fhéadfadh teacht aníos.

D’fhonn cáiliú le haghaidh maoiniúcháin faoin Acht, ní foláir go bhfuil páirtí polaitíochta ar áireamh i gClár na bPáirtithe Polaitíochta agus go bhfuair sé 2% ar a laghad de na vótaí chéad rogha san olltoghchán ba dhéanaí don Dáil. Bunaithe ar na torthaí ar olltoghchán na Dála sa bhliain 2016, cháiligh ocht bpáirtí polaitíochta le haghaidh maoiniú Státchiste faoin Acht sa bhliain 2017: Fianna Fáil, Fine Gael, an Comhaontas Glas, Páirtí an Lucht Oibre, Renua, Sinn Féin, na Daonlathaithe Sóisialta agus Dílúthpháirtíocht – Pobal roimh Bhrabús.

Íoctar na suimeanna seo le gach páirtí polaitíochta cáilithe gach bliain:

- a) méid ráta comhréidh ar fiú €126,974 é agus
- b) sciar de shuim bhliantúil a socraíodh ag €3,809,214 sa bhliain 2001 agus a méadaíodh de réir méaduithe ginearálta pá sa státseirbhís.

B’ionann ciste 2017, an méid ráta comhréidh san áireamh, agus €5,963,992. Cinntear an sciar den chiste atá iníoctha le páirtí polaitíochta cáilithe ach na vótaí chéad rogha a fuair an páirtí cáilithe a chur in iúl mar chéatadán d’iomlán na vótaí chéad rogha a fuair na páirtithe polaitíochta cáilithe go léir.

Tá sonraí faoi na híocaíochtaí a rinneadh leis na páirtithe polaitíochta cáilitheacha i leith na bliana 2017 le feiceáil i dTábla 1 den Aguisín.

Caibidil 2: Na cuspóirí a gcuirtear maoiniú Stáitchiste ar fáil ina leith

Ní mór cistí Stáitchiste arna bhfáil ag páirtithe cáilithe a úsáid le haghaidh na nithe seo:

“... déanamh agus bainistiú ginearálta ghnóthaí an pháirtí, le haghaidh saothrú dleathach ceann ar bith dá chuid cuspóirí agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, le haghaidh ceann ar bith nó gach ceann de na cuspóirí seo a leanas, eadhon –

- (i) riarachán ginearálta an pháirtí,*
- (ii) taighde, oideachas agus oiliúint,*
- (iii) ceapadh beartais, agus*
- (iv) comhordú na ngníomhaíochtaí de chuid chraobhacha agus chomhaltaí an pháirtí.”*

Féadfar an maoiniú a fuarthas faoin Acht a úsáid freisin le haghaidh rannpháirtíocht na mban agus daoine óga i ngníomhaíocht pholaitiúil a chur chun cinn.

Ní fhéadfar an maoiniú a fuarthas a chur i bhfeidhm i ndáil le speansas toghcháin ná i ndáil le speansas reifrinn. Ní fhéadfar é a úsáid chun speansas den sórt sin a aisghabháil ach oiread. Éilíonn an Coimisiún ar oifigigh iomchuí a shonrú cé acu a úsáideadh nó nár úsáideadh an maoiniú chun críocha toghcháin nó reifrinn. Sonraigh gach duine den ochtar oifigeach iomchuí nár úsáideadh an maoiniú chun na gcríoch sin sa bhliain 2017.

Seachas na toirmisc ar úsáid an mhaoinithe i dtaca le speansas toghcháin nó le speansas reifrinn, ní thugtar ach sonrú an-ghinearálta san Acht faoi conas a d'fhéadfaí an maoiniú a úsáid. Luann an Coimisiún an athuir an t-ábhar imní a tharraing sé anuas i dtuarascálacha roimhe seo ar Mhaoiniú Stáitchiste ag páirtithe polaitíochta nach ndéantar tagairt san Acht do chaiteachas caipitil ná do chaiteachas reatha agus ní shonraítear ann cé acu ba cheart caiteachas an mhaoiniúcháin a fhaightear a bheith bainteach le caiteachas caipitil nó le caiteachas reatha. Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil gá ann le tuilleadh soiléire ina leith sin.

Caibidil 3: Ráitis Chaiteachais faoi Mhaoiniú Státchiste agus Tuarascálacha Iniúcháirí gaolmhara a thabhairt

Ní mór d'oifigeach iomchuí gach páirtí cáilithe ráiteas a thabhairt don Choimisiún á rá gur úsáideadh an maoiniú a fuarthas i leith na bliana roimhe le haghaidh roinnt de na cuspóirí dá dtagraítear in alt 18, nó le haghaidh gach ceann díobh, agus na nithe iarbhír ar úsáideadh an maoiniú ina leith á lua, lena n-áirítear na suimeanna a úsáideadh le haghaidh rannpháirtíocht na mban agus daoine óga i ngníomhaíocht pholaitiúil a chur chun cinn. Ní mór an ráiteas a bheith iniúchta ag iniúcháir poiblí agus ní mór cóip de thuarascáil an iniúcháir a thabhairt don Choimisiún i dteannta an ráitis.

Ní dhéanfar aon íocaíocht le páirtí cáilithe tar éis an 30 Aibreán i mbliain ar bith seachas má dhéantar na nithe seo agus go dtí go ndéantar iad -

- (i) déanann an páirtí Ráiteas Caiteachais faoi Mhaoiniú Státchiste agus an Tuarascáil Iniúcháirí Poiblí gaolmhar agus Ráiteas Síntiús agus Dearbhú Reachtúil (a cheanglaítear faoi alt 24(1)(b) den Acht) a thabhairt don Choimisiún, agus
- (ii) tugann an Coimisiún cóip de na ráitis sin don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus deimhníonn sé gur comhlánaíodh iad de réir fhorálacha ábhartha na reachtaíochta agus de réir treoirlínte arna bhfoilsíú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin.

Léirítear i dTábla 2 den Aguisín an miondealú ar chaiteachas a chuir na páirtithe ar fáil faoi na ceanteidil a leagtar amach in alt 18 den Acht.

Caibidil 4: Ráitis Chaiteachais faoi Mhaoiniú Státchiste a fhoilsiú

Thug an Coimisiún don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cóip de na Ráitis Chaiteachais faoi Mhaoiniú Státchiste agus na Tuarascálacha Iniúchóirí Poiblí gaolmhara a fuarthas ó gach ceann de na páirtithe polaitíochta cáilithe i ndáil leis an mbliain 2017. Dheimhnigh an Coimisiún don Aire gur comhlánaíodh na ráitis sin de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an gCoimisiún agus go gcomhlíonann siad na forálacha ábhartha den Acht.

Rinne an Coimisiún na ráitis a thug páirtithe polaitíochta cáilithe a leagan faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas inniu.

Rinne an Coimisiún um Chaighdeáin na ráitis a tugadh dó a chur ar fáil don phobal lena n-iniúchadh agus lena gcóipeáil ina oifigí ag 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. Tá an fhaisnéis sna doiciméid ar fáil ag www.sipo.ie freisin.

Aguisín: Sonraí faoi chistiú agus caiteachas

Tábla 1 Sonraí faoin maoiniú a fuair páirtithe polaitíochta cáilithe sa bhliain 2017

Páirtithe Polaitíochta Cáilithe	lomlán an mhaoinithe a fuarthas do 2017	Suim an mhaoinithe a tugadh ar aghaidh ó 2016	lomlán foriomlán an mhaoinithe a bhí ar fáil lena chaitheamh do 2017	Caiteachas iomlán an mhaoinithe do 2017	larmhéid an mhaoinithe a tugadh ar aghaidh go 2018
Fianna Fáil	1,593,126	22,230	1,615,356	1,244,462	370,894
Fine Gael	1,663,390	189,199	1,852,589	1,270,180	582,409
An Comhaontas Glas	290,759	94,709	385,468	278,285	107,183
Páirtí an Lucht Oibre	524,809	588,030	1,112,839	682,857	429,982
RENUA Ireland	258,596	104,103	362,699	255,240	107,459
Sinn Féin	960,746	301,322	1,262,068	1,018,822	243,246
Sóisialta	308,078	163,359	471,437	367,834	103,603
Dlúthpháirtíocht/Pobal roimh Bhrabús	364,487	185,996	550,484	418,901	131,582
lomlán	5,963,992	1,648,949	7,612,941	5,536,581	2,076,359

* Is féidir go mbeidh na hiomláin neamh-chomhsheasmhach de bharr slánú

Tábla 2 Sonraí a chuir páirtithe polaitíochta ar fáil faoi chaiteachas an mhaoiniúcháin Stáitchiste a fuarthas faoin Acht don bhliain 2017

Páirtithe Polaitíochta Cáilithe	Riarachán Ginearálta	Taighde, Oideachas agus Oiliúint	Ceapadh Beartais	Comhordú Craobhacha agus Comhaltai	Rannpháirtíocht na mBan	Rannpháirtíocht Daoine Óga	lomlán
Fianna Fáil	816,383	170,532	65,000	131,273	46,609	14,665	1,244,462
Fine Gael	1,031,016	9,214	3,339	130,725	50,098	45,788	1,270,180
An Comhaontas Glas	244,719	—	—	32,054	389	1,123	278,285
Páirtí an Lucht Oibre	548,960	—	88,615	—	22,641	22,641	682,857
RENUA Ireland	88,618	41,016	65,444	60,162	—	—	255,240
Sinn Féin	687,393	16,300	108,041	178,396	14,569	14,123	1,018,822
Na Daonlathaithe Sóisialta	265,352	10,144	10,855	78,124	—	3,359	367,834
Dlúthpháirtíocht/Pobal roimh Bhrabús	54,757	10,647	38,196	314,816	93	392	418,901
lomlán	3,737,199	257,853	379,490	925,550	134,399	102,091	5,536,581

* Is féidir go mbeidh na hiomláin neamh-chomhsheasmhach de bharr slánú